# Bainisteoir Oibríochtaí Innealtóireachta

## Conradh Buan

Is mian le TG4 Bainisteoir Oibríochtaí Innealtóireachta, a bheidh lonnaithe sa Cheannáras i nGaeltacht na Gaillimhe, a earcú ar bhonn buan. Ag freagairt don Stiúrthóir Teicneolaíochta agus Dáileacháin, beidh ról lárnach ag an té a cheapfar i dTionscadail Bonneagair TF, Craolacháin agus Tógála TG4. Beidh an Bainisteoir Oibríochtaí Innealtóireachta freagrach as rannán tacaíochta TG4 a bhainistiú agus a fhorbairt, lena n-áirítear nósanna imeachta Oibriúcháin Caighdeánacha, cothabháil choisctheach, tuairisciú lochtanna agus idirghabhálacha feabhais.

Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó ar duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoimid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

**An Ról:**

**I measc na ndualgas, ach gan bheith teoranta dóibh, a bheidh ar an té a cheapfar beidh:**

**Sláinte agus Sábháilteacht:**

- A bheith gníomhach i gcur i bhfeidhm pholasaithe agus nósanna imeachta TG4 maidir le Sláinte agus Sábháilteacht.
- A chinntiú go n-oibríonn na hinnealtóirí ar fad ar bhealach sábháilte agus cuí.
- A chinntiú go mbaintear aon trealamh lochtach nó guaiseach láithreach, nó go ndéantar an trealamh sin a dheisiú.

**Ginearálta:**

- Idirphlé a dhéanamh le ranna eile i TG4 maidir le léiriúcháin bheo, tionscadail speisialta etc., agus tacaíocht innealtóireachta a leithdháileadh nuair is gá.

**Straitéis DR:**

- Páirt a ghlacadh i straitéis forbartha, i ndoiciméadú agus i gcothabháil chórais DR TG4.

**Tacaíocht Córas:**

- Tacaíocht chórais a chur ar fáil do gach úsáideoir i TG4 agus sa Seomra Nuachta nuair is gá, chomh maith le tacaíocht dara leibhéal a chur ar fáil d'úsáideoirí deisce.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chórais chun teipeanna a thuar agus a chinntiú go bhfuil cláir chothabhála choisctheacha i bhfeidhm agus go leantar iad.

**Córais chraolacháin:**

- Monatóireacht agus cothabháil a dhéanamh ar na córais chraolacháin agus ar na sreafaí oibre agus ar an dáileadh a bhaineann leo, lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta do, Mediator, Spectra Library, DIVA, traschódú, WhatsOn, córais stórála, agus naisc ionchuir agus dáileacháin.

**Leictreachas:**

- Páirt a ghlacadh i ndearadh agus i gcothabháil an bhonneagair dáileacháin leictreachais.

**Tionscadail:**

- Obair a dhéanamh ar thionscadail i gcomhar leis an Stiúrthóir Teicneolaíochta agus leis na foirne cur chun feidhme.

**Líníochtaí agus Nósanna Imeachta:**

- Doiciméid a bhaineann le nósanna imeachta innealtóireachta agus oibríochta agus le hoiliúint ina leith a fhorbairt. A chinntiú go ndéantar líníochtaí innealtóireachta agus doiciméid a nuashonrú de réir mar is gá.

**Forbairt Córas:**

- Teicneolaíocht an chraolacháin a mheas agus trealamh agus teicneolaíochtaí nua a thástáil.
- Uasghráduithe ar chórais chraolacháin a chomhordú.

**Bainistiú Sócmhainní:**

- Páirt a ghlacadh i mbainistiú agus i rianú shócmhainní seasta TG4.

**Bonneagar Foirgnimh:**

- Páirt a ghlacadh i maoirseacht ar champas TG4.
- Aon fhreagrachtaí réasúnta eile a mheasann an Stiúrthóir bunaithe ar riachtanais an ghnó.

**Tabhair ar aird:** Is treoir atá sa sainchuntas poist seo maidir le réimsí éagsúla freagrachta agus cuntasachta agus níor cheart breathnú air mar liosta cuimsitheach. D'fhéadfadh an sainchuntas poist a bheith faoi réir athbhreithnithe i bhfianaise struchtúir nua agus/nó athrú a bheith ag teacht ar riachtanais TG4.

Bíonn tionscal na teilifíse ag síorathrú.  Glacann TG4 go fonnmhar leis na hathruithe seo agus athróidh an comhlacht agus dualgais na foirne dá réir.

**Nithe atá riachtanach don phost seo:**

- Cáilíocht 3ú leibhéal san Innealtóireacht (Innealtóireacht Leictreach/ Innealtóireachta sa Leictreonaic Teileachumarsáide) nó cáilíocht ar leibhéal coibhéiseach.
- Dea-theist chruthaithe ar thaithí fhairsing ar bheith ag obair i gcáil oibríochtúil i ról ábhartha.
- Taithí nó cáilíocht i mBainistíocht agus i gCeannaireacht an-inmhianaithe.
- A bheith tiomanta d'Fhís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm.
- Fócas dearfach, cumas maith foirne agus taithí chruthaithe ar fhoireann a bhainistiú agus a fhorbairt.
- Ábalta feidhmiú go muiníneach agus go héifeachtach as do stuaim féin i dtimpeallacht spreagúil.
- Ábalta spriocanna oibre a chomhlíonadh agus a chinntiú go mbeidh ábhar, a bheidh ar ardchaighdeán, réidh agus ar fáil in am.
- Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.

Sa gCeannáras i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe atá an post seo. Tá polasaí solúbtha oibre i bhfeidhm i TG4.

**4pm Dé hAoine an 2 Deireadh Fómhair 2026** an spriocdháta d'iarratais.  Seol do CV mar aon le litir iarratais chuig cv@tg4.ie.

**Eolas Breise don Iarratasóir**

**Grád an Phoist:**

Grád 3

**Uaireanta Oibre:**

39 uair sa tseachtain. Mar gheall ar riachtanais an phoist, táthar ag súil go mbeifí solúbtha ó am go ham, lena n-áirítear a bheith sásta oibriú nuair is gá lasmuigh d'uaireanta oifige, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc.

**Laethanta Saoire:**

Chomh maith leis na laethanta saoire bainc reachtúla, beidh tú i dteideal 23 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**

Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Taisteal:**

Beidh taisteal i gceist ó am go chéile mar chuid den ról, in Éirinn agus thar lear.

**Buntáistí eile a bhaineann le bheith ag obair i TG4:**

| | |
|---|---|
| • Deiseanna Oiliúna agus Forbartha<br>• Saoire Staidéir agus Scrúduithe | • Táillí Ballraíochta Gairmiúla<br>• Pinsean Ranníocach<br>• An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe<br>• An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre |